

## 8 UISCE

### 8.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ar an tionchar a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol uisce mar a leagtar amach i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS. Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le cur síos ar nádúr hidreolaíoch Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA) faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS.
- 2 Tá achar os cionn 500 méadar ar an dá thaobh den línebhealach i gceist sa mheasúnú i gcomhair an CMSA.
- 3 Déantar breithniú ar an tionchar féideartha ar an uisce dromchla (aibhneacha, lochanna, etc) agus ar an gcomhshaol maidir le céim na tógála agus leis an gcéim oibríoch den fhorbairt a bheartaítear. Déantar cur síos ar na bearta maolaithe a bheidh ina gcuid den fhorbairt a bheartaítear, déantar aon tionchar iarmharach ar an gcomhshaol a shainnithint agus déantar suntasacht an tionchair sin a mheas.
- 4 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dheardh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Leagtar amach i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS na príomhoibreacha tógála a bheartaítear mar chuid den fhorbairt, mar aon leis an bPlean Creatlaí imlíne um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) in Aguisín 7.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.
- 5 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le **Caibidil 6** agus le **Caibidil 7** den imleabhar seo den EIS.

### 8.2 MODHEOLAÍOCHT

- 6 Réitíodh an chaibidil seo agus na moltaí a leagtar amach i gcáipéis na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirínte maidir leis an bhFaisnéis a Chluimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002), á n-úsáid. Cuireadh san áireamh chomh maith agus an chaibidil seo á réiteach na treoirínte agus na moltaí i gcáipéis an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (NRA), *Guidelines on Procedures for Assessment and Treatment of Geology, Hydrology and Hydrogeology for National Road Schemes (Treoirínte maidir le Níosanna Imeachta chun Geolaíocht, Hidreolaíocht agus Hidrigeolaíocht a Mheas agus a Láimhseáil le haghaidh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta)* (2009).

7 Tá an fhaisnéis sa chaibidil seo roinnte i bhforannáin chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe éagsúla a bhaineann leis an gcomhshaoil uisce. Agus an chaibidil seo á cur le chéile, baineadh leas as na foinsí faisnéise seo a leanas d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhthéacs agus ar nádúr an CMSA ó thaobh réigiúin agus suímh de:

- Sonraí monatóireachta faoi cháilíocht an uisce de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh sruthchúrsaí sa cheantar, [www.epa.ie](http://www.epa.ie);
- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2006). *Clár Monatóireachta na Creat-treorach Uisce* (WFD);
- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2005). *The Characterisation and Analysis of Ireland's River Basin Districts (Tréithriú agus Anailís ar Cheantair Abhantraí na hÉireann)* (RBDanna);
- *Réigiún Abhantraí Idirnáisiúnta Loch nEathach-na Banna* (2012) agus *Plean Bainistíochta Abhantraí* (2009-2015);
- *Réigiún Abhantraí Idirnáisiúnta Loch nEathach-na Banna* (2012) agus *Plean Bainistíochta Abhantraí an Iarthuaiscirt* (2009-2015);
- Iascach Intíre Éireann (IFI) *Sampling Fish for the Water Framework Directive (Sampláil Éisc don Chreat-Treoir Uisce)* (2008-2012);
- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2011). *Integrated Water Quality Report: Monaghan & Louth (Tuarascáil Chomhtháite maidir le Cáilíocht an Uisce: Muineachán agus Lú)*;
- Sonraí faoi léarscáiliú tuile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), [www.floodmaps.ie](http://www.floodmaps.ie);
- OPW *Guidelines for Planning Authorities, The Planning System and Flood Risk Management (2009) (Treoirlínte Oifig na nOibreacha Poiblí d'Údaráis Áitiúla, An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte (2009)*;
- Sainchomhairleoirí Comhshaoil Natura i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta (2005). *Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes (Treoirlínte maidir le Sruthchúrsaí a Thrasnú le linn Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil)*;
- *Guidelines for Planning Authorities, "The Planning System and Flood Risk Management" (2009) (Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla, "An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte" (2009)*;

- CIRIA 532 (Londain, 2001). *Control of Water Pollution from Construction Sites: Guidance for Consultants and Contractors (Truailliú Uisce ó Shuíomhanna Tógála a Rialú: Treoir le haghaidh Sainchomhairleoirí agus Conraitheoirí)*;
  - CIRIA 648 (Londain 2006) *Control of Water Pollution from Linear Construction Projects (Truailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líní)*;
  - Cuairteanna suímh ar an CMSA; agus
  - Comhairliúchán le comhlachtaí forordaithe.
- 8 Meastar gur mionsonraithe agus gur dóthanach é an measúnú ar an CMSA leis an timpeallacht hidreolaíoch a mheas go cuí.
- 9 Is de chineál nó de scála iad an uile thionscadal agus fhorbairt a dteastaíonn EIS uathu go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol. Maidir le líne tharchuir a thógáil, meastar go mbeidh an tionchar ar an gcomhshaol uisce beag i gcomparáid le tionscadail líneacha eile amhail forbairtí bóthar nó píblínte.
- 10 Sa chaibidil seo, déantar measúnú ar an tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce a d'éireodh as an bhforbairt a bheartaítear agus cuirtear bearta maolaithe chun tosaigh chun aon tionchar suntasach a laghdú. Socraítear suntasacht an tionchair iarmharaigh ar an gcomhshaol uisce bunaithe ar na bearta maolaithe a bheartaítear.
- 11 Leagtar amach na critéir le déine an tionchair a mheas i **dTábla 8.1**. Is ionann an téarmaíocht a úsáidtear i gcomhair suntasacht agus fad ama tionchair agus an téarmaíocht a fheictear i gcáipéis na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Guidelines on Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuireofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002). Braitheann méid tionchair ar bith ar scála dóchúil an athraithe a thuarar ar dhálaí bonnlíne de thoradh an tionchair a thuarar agus cuirtear fad ama an tionchair san áireamh, i.e. sealadach nó buan. Tugtar sainmhínithe ar shuntasacht agus ar mhéid aon tionchair i **dTábla 8.1** agus i **dTábla 8.2**.

**Tábla 8.1: Critéir Shuntasachta agus Samplaí**

<b>Tábhacht</b>	<b>Critéir</b>	<b>Samplaí Roghnaithe</b>
<b>An-Ard</b>	Baineann teirce agus cáilíocht ard leis an tréith ar scála réigiúnach nó náisiúnta.	Suíomh cosanta faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh/ na hÉireann (SAC, cSAC, SPA, pSPA, NHA, pNHA)
<b>Mór</b>	Baineann teirce agus cáilíocht ard leis an tréith ar scála áitiúil.	Aibhneacha móra, úsáidí tábhachtacha sóisialta nó geilleagracha, mar shampla soláthar uisce nó loingseoireacht. Aibhneacha dea-cháilíochta (Q4 go Q5). D'fhéadfaí é a ainmniú mar shuíomh áitiúil fiadhúlra.
<b>Meánach</b>	Baineann teirce agus cáilíocht mheánach leis an tréith ar scála áitiúil.	D'fhéadfaí tacú le daonra beag/teoranta speiceas faoi chosaint. Úsáidí teoranta sóisialta nó geilleagracha. Uiscíoch lena mbaineann tábhacht réigiúnach. Cosaint foinse istigh le haghaidh foinse uisce lena mbaineann tábhacht áitiúil.
<b>Íseal</b>	Baineann teirce agus cáilíocht íseal leis an tréith ar scála áitiúil.	Gan aon ainmniúcháin ar bith i dtaobh chaomhnú an dúlra. Bithéagsúlacht íseal flóra agus fána uiscigh agus gan aon speiceas faoi chosaint. Líon an-bheag úsáidí sóisialta nó geilleagracha.

Tábla 8.2: Critéir Mhéide agus Samplaí

Méid	Critéir	Samplaí
<b>Drochthionchar Mór</b>	Athrú bunúsach ar cháilíocht an uisce nó ar an tsreabhréisím.	Riosca áirithe maidir le mórtheagmhas truaillithe níos mó ná 2% in aghaidh na bliana <sup>26</sup> .  Cailleadh limistéir faoi chosaint.  Truailliú foinsí inólta d'astarraingt uisce.  Meath dobharlaigh a bheidh ina bhunús le neamhchomhlíonadh Dea-Stádais <sup>27</sup> faoin WFD agus le laghdú ar rangú (nó cuirtear cosc ar chur i bhfeidhm rathúil na mbeart maolaithe i gcás dobharlaigh shaorga nó dobharlach a mionathraíodh go mór).
<b>Drochthionchar Measartha</b>	Athrú ar cháilíocht an uisce nó ar an tsreabhréisím a d'fhéadfaí a thomhas.	Caillteanas ar tháirgiúlacht iascaigh.  Sceitheadh substainte truaillithe le sruthchúrsa, ach nach leor í chun a stádas i leith cháilíocht an uisce (rangú an WFD) a athrú san fhadtárma.  Gan aon laghdú ar rangú an WFD, ach thioctadh leis an tionchar cosc a chur ar fheabhsú (mura bhfuil Dea-Stádas Éiceolaíochta bainte amach cheana féin) nó ar chur i bhfeidhm rathúil na mbeart maolaithe i gcás dobharlaigh shaorga nó dobharlach a mionathraíodh go mór.  Riosca áirithe maidir le mórtheagmhas truaillithe níos mó ná 1% in aghaidh na bliana <sup>28</sup> .
<b>Drochthionchar Beag</b>	Athrú beag ar cháilíocht an uisce nó ar an tsreabhréisím.	Athruithe intomhaiste ar an tréith de mhéid agus / nó de chion teoranta nach mbíonn ina mbunús le laghdú ar stádas an WFD nó le teip ar chur chun feabhais.  Cásanna ina dtugtar deis san fhorbairt a bheartaítear feabhas a chur ar an gcomhshaol uisce, ach nach gcuirtear feabhas ar rangú, ar stádas, ar tháirgeacht nó ar tháscaire eile cáilíochta.
<b>Tionchar Neodrach nó Tionchar Diomaibhseach</b>	Gan aon tionchar ar cháilíocht an uisce nó ar shreabhadh a d'fhéadfaí a thomhas.	Riosca áirithe maidir le mórtheagmhas truaillithe níos lú ná 0.5% in aghaidh na bliana.  Gan aon tionchar ar ghnéithe, nó ar eochairthréithe de ghnéithe, ar Chlár na Limistéar faoi Chosaint.  Sceitheadh le sruthchúrsa ach gan aon chaillteanas

<sup>26</sup>Treoirlínte an NRA (2009).<sup>27</sup>Dea-stádas mar a shainmhínítear faoin gCreat-Treoir Uisce (2000/60/CE).<sup>28</sup>Treoirlínte an NRA (2009).

Méid	Critéir	Samplaí
		suntasach ar cháilíocht, ar tháirgiúlacht iascaigh nó ar bhithéagsúlacht. Gan aon tionchar ar rangú an WFD nó ar sprioc dobharlaigh.

12 D'fhéadfadh tionchar a bheith diúltach, neodrach nó dearfach sna cásanna seo a leanas:

- Tionchar dearfach – athrú a chuireann cáilíocht an chomhshaoil chun feabhais;
- Tionchar neodrach – athrú nach ndéanann difear do cháilíocht an chomhshaoil; agus
- Tionchar diúltach – athrú a íslíonn cáilíocht an chomhshaoil.

13 Is ionann an téarmaíocht a úsáidtear i gcomhair fad ama tionchair agus an téarmaíocht a mhínítear i gcáipéis na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002) mar seo a leanas:

- Tionchar Sealadach – tionchar a mhaireann bliain amháin nó níos lú;
- Tionchar Gearrthéarmach – tionchar a mhaireann idir bliain amháin agus seacht mbliana;
- Tionchar Meántéarmach – tionchar a mhaireann idir seacht mbliana agus cúig bliana déag;
- Tionchar Fadtéarmach – tionchar a mhaireann idir cúig bliana déag agus seasca bliain; agus
- Tionchar Buan – tionchar a mhaireann níos mó ná seasca bliain.

14 Baineadh úsáid as cur chuige cáilíochtúil sa mheasúnú, tríd an rangú suntasachta i d**Tábla 8.3** a leanúint go ginearálta agus trí bhreithiúnas gairmiúil. Tá an tsuntasacht a bhaineann le tionchar tuartha bunaithe ar mheascán d'íogaireacht nó de thábhacht na tréithe agus de mhéid tuartha aon tionchair áirithe. Sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar tairbhiúil, drochthionchar nó tionchar diomaibhseach, tionchar sealadach nó tionchar buan agus, ó thaobh suntasachta de, sonraítear na cineálacha tionchair mar thionchar mór, tionchar measartha, tionchar beag nó tionchar nach bhfuil suntasach (diomaibhseach).

**Tábla 8.3: Measúnacht Tionchair ar Chritéir – Maitrís**

Tábhacht/ Íogaireacht	Méid			
	Drochthionchar Mór	Drochthionchar Measartha	Drochthionchar Beag	Tionchar Diomaibhseach
<b>Ard/An-Ard</b>	Mór/ollmhór	Mór	Measartha	Diomaibhseach
<b>Meánach</b>	Mór	Measartha	Beag	Diomaibhseach
<b>Íseal</b>	Measartha	Beag	Beag	Diomaibhseach
<b>Diomaibhseach</b>	Beag	Beag	Diomaibhseach	Diomaibhseach

- 15 Le go n-aithneofaí tionchar féideartha, caithfidh trí thoisic a bheith ann. Seo a leanas iad: foinse nó tionchar féideartha, gabhdóir a bhféadfaí difear diúltach a dhéanamh dó, agus conair nó nasc a ligean don foinse dul i bhfeidhm ar an ngabhdóir. Ní shonrófar tionchar mura mbíonn na trí thoisic ann ag aon am amháin.
- 16 Leagadh coinníollacha bonnlíne síos trí mhionstaidéar a dhéanamh ar fhoinsí faisnéise agus trí chomhairliúchán leis na comhlachtaí ábhartha forordaithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Chontae an Chabháin, agus Iascach Intíre Éireann (IFI). (Feic Caibidil 3, **Imleabhar 3B** den EIS chun sonraí a fháil maidir le comhairliúchán scóipe agus reachtúil).
- 17 Measadh gur bhain na saincheistean seo a leanas le hábhar sa chaibidil seo den EIS de thoradh na tuairime scópála ón mBord Pleanála (feic Aguisín 1.3, **Imleabhar 3B** den EIS):
- An tionchar féideartha a bheadh ag gníomhaíochtaí tochailte agus tógála gar do shruthchúrsaí nó tharstu feadh na conaire bealaí ar cháilíocht an uisce a shainthint agus a mheasúnú, agus mar chuid de sin d'áireofaí an tionchar a bheadh ag scaoileadh cothaitheach ó ghlanadh suímh nó ó lobhadh fásra.
  - Measúnú ar an tionchar hidrigeolaíoch féideartha, lena n-áirítear an tionchar féideartha ar bhogaigh agus ar fhoinsí uisce óil.
  - Ráiteas maidir le modh tógála agus plean bainistíochta a chur isteach ina dtabharfar aghaidh ar an tionchar féideartha ar cháilíocht an uisce, lena n-áirítear bearta chun cáilíocht an uisce a chosaint nuair a bhítear ag cur draenacha páirce ar mhalairt slí nó ag pumpáil screamhuisce a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar shruthchúrsaí píosa ó bhaile.

### 8.2.1 Comhthéacs na Reachtaíochta

- 18 Cuireadh an reachtaíocht a leanas san áireamh mar chuid den mheasúnacht tionchair seo:

- *Treoir Chomhdhlúite an EIA 2011/92/AE;*
- *An Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaoil (2004/35/CE);*
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Salmainide), 1988 [I.R. Uimh. 293/1988];*
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) 2014 [I.R. Uimh. 122/2014];*
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce), 2003 [I.R. Uimh. 722/2003];*
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2014 [I.R. Uimh. 31/2014];*
- *Na hAchtanna lascaigh (Comhdhlúthú), 1959-2003;*
- Foráiltear leis *na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977-2007* cosc ar thruailliú uisce in Éirinn;
- *Na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) (Leasú) 2010 [I.R. Uimh. 231/2010];* agus
- *An Chreat-treoir Uisce (2000/60/CE).*

### 8.2.2 Scóip an Mheasúnaithe

- 19 Dírítear sa mheasúnú tionchair uisce seo go príomha ar chéim na tógála de bhrí gur le linn na céime sin den fhorbairt a bheartaítear a bhíonn an seans is mó go sonrúfar drochthionchar ar dhobharlaigh dhromchla. Rinneadh breithniú sa mheasúnú ar an modheolaíocht tógála a bhaineann le suiteáil gach túir, mar aon le haon bhonneagar sealadach gaolmhar, lena n-áirítear bealaí rochtana sealadacha, gníomhaíochtaí sreangaithe, cuailí cosanta agus teascadh crann.
- 20 Cé gur ndearnadh íogaireacht éiceolaíochta na sruthchúrsaí a bhreithniú sa chaibidil seo, tá measúnú i **gCaibidil 6** den imleabhar seo den EIS ar idirghaolmhaireachtaí le gabhdóirí lena ngabhann íogaireacht éiceolaíochta, lena n-áirítear faisnéis faoi shuíomhanna agus gnáthóga faoi chosaint na hEorpa.
- 21 Is tábhachtach an limistéar staidéir spásúil cuí a dhéanamh amach lena chinntiú go bhfuil an measúnú tionchair seo ar cháilíocht an uisce láidir agus go réamh-mheastar go cruinn inti an tionchar féideartha ar dhobharlaigh dhromchla. Níl aon treoir fhoirmiúil i gcló faoin ábhar sin agus dá bhrí sin rinneadh cinneadh ar an gcrios ina bhféadfaí tionchar suntasach a shonrú



bunaithe ar thuairisc ar an bhforbairt agus ar an modheolaíocht tógála a bhfuil cuntas air i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS agus ar bhreithiúnas gairmiúil.

- 22 Mar gheall ar nádúr an chomhshaoil hidreolaíoch, tá sé den riachtanas tionchar na forbartha a bheartaítear suas an abhainn agus síos an abhainn a chur san áireamh, agus aird ar leith ar na príomhshruthanna uisce dromchla sa cheantar.

### 8.2.3 Achoimre ar an Dearadh

- 23 Baineann limistéir oibre tógála agus limistéir sreangaithe le hábhar maidir leis an dearadh tráth rioscaí d'aon ghnéithe uisce in aice láimhe a dhéanamh amach. Rinneadh bealaí rochtana sealadacha, láithreacha túir agus limistéir sreangaithe a shuí ar shiúl ó shruthchúrsaí nuair ab fhéidir, nó rinneadh an limistéar oibre a threorú chun go seachnófaí sruthchúrsaí. I gcásanna nach féidir é sin a dhéanamh, beartaíodh roinnt moltaí le cosc a chur ar thruailleáin ó dhul isteach sa sruthchúrsa.

- 24 Mionsonraítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS an dóigh ina dtógfar an fhorbairt a bheartaítear agus cuirtear síos inti ar chéimniú na tógála. Is é an toradh atá ar an gcéimniú sin go bhféadfaí túir iomadúla a thógáil ag an am céanna in aice leis an sruthchúrsa céanna, nó laistigh den dobharcheantar abhann céanna. Tógfar na línte lasnairde i gcúig chéim ghinearálta, san ord seo thíos, dé réir clár rollach de thréimhsí ama measta:

- Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Shuíomhanna (1 – 7 lá);
- Céim 2 – Bunsraitheanna Túir; gnáthshuiteáil (3 – 6 lá), suiteáil píleála (5 – 10 lá);
- Céim 3 – Túir a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde agus Athchóiriú Tosaigh (3 – 4 lá);
- Céim 4 – Suiteáil Seoltóra / Inslitheora (7 lá); agus
- Céim 5 – Athchóiriú Deiridh na Talún (1 – 5 lá).

- 25 Déanfar na hoibreacha suímh uile agus gníomhaíochtaí gaolmhara lena n-áirítear bealaí rochtana sealadacha, bunsraitheanna túir, láithreacha cumhdaigh, teascadh crann agus sreangú ar bhealach a bheidh freagrach ó thaobh an chomhshaoil de chun aon drochthionchar ar shruthchúrsaí a d'fhéadfadh tarlú de bharr oibreacha a bhaineann le céim na tógála, a laghdú a mhéid agus is féidir. Ullmhófar CEMP lena chinntiú go ndéanfar cosaint chuí ar an gcomhshaol uisce (ina gcuimseofar gach beart maolaithe atá mionsonraithe sa chaibidil seo). Cuireadh srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) san áireamh in **Aguisín 7.1, Imleabhar 3B** den EIS, agus tá sé ina chuid de na cáipéisí iarratais.

26 Úsáidfeair na rianta rochtana feirme agus páirce atá ann cheana féin nuair is féidir ionas nach gcuirfeair isteach ar úinéirí talún áitiúla mar a léirítear i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS. I gcásanna ina mbíonn siadsan gar do shruthchúrsaí nó do dhíoga draenála, beidh maolú ag teastáil lena chinntiú go gcosnófar an dobharlach ó chreimeadh nó ó thruailliú. Is é an príomhábhar imní atá ann i dtaobh bealaí rochtana sealadacha maidir le cáilíocht an uisce, ná an tionchar fisiciúil a d'fhéadfadh tarlú le linn aon trasbhealaí srutha atá den riachtanas, agus go bhféadfadh cáithnínigh agus olaí rith chun srutha isteach i sruthchúrsaí. Glactar le cur chuige réamhchúramach sa mheasúnú seo, agus cuirtear bearta maolaithe cuí ar fáil i gcás go mbíonn baol ann.

### 8.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

27 Sonraítear an príomhthionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce tráth chéim na tógála. Cuirtear sonraí faoin tionchar féideartha san áireamh i Rannán 8.5. Tríd is tríd, réamh-mheastar go mairfidh an clár tógála thart ar thrí bliana. Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear tógáil na dtúr mar aon le suíomhanna aonair a mbeidh 340 méadar eatarthu ar an meán. Go ginearálta, féadfar na céimeanna tógála a bhriseadh síos mar seo a leanas: an suíomh a réiteach (lena n-áirítear, nuair is gá, painéil bhóthair alúmanaim nó mataí rubair a leagan le haghaidh rianta rochtana sealadacha, claíocha a bhaint agus claíocha sealadacha a chur suas), na hoibreacha go léir a bhaineann le mionathruithe ar línte tarchuir lasnaide leictreachais 110 kV atá ann cheana, bunsraitheanna túir a shuiteáil, túir a chur in airde; cuaillí cosanta, teascadh crann, seoltóirí a shreangú, coimisiúnú na líne agus talamh a athchóiriú.

### 8.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

28 Léirítear suíomh réigiúnach na forbartha a bheartaítear i ndáil leis an gcomhshaol uisce dromchla i bhFíor 8.1 – Fíor 8.4, **Fíoracha Imleabhar 3C** den EIS.

29 Leagadh coinníollacha bonnlíne síos trí mhionstaidéar a dhéanamh ar fhoinsí faisnéise, trí staidéar allamuigh, agus trí chomhairliúchán leis na comhlachtaí ábhartha forordaithe, lena n-áirítear an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Contae an Chabháin agus Iascach Intíre Éireann (feic Caibidil 3, **Imleabhar 3B** den EIS chun sonraí a fháil maidir le comhairliúchán scóipe agus reachtúil). Sa chás go raibh fáil ar fhaisnéis den chineál seo, áiríodh na nithe seo a leanas sa staidéar ar fhoinsí faisnéise:

- Athbhreithniú ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi 1:50,000 den tsraith léarscáilithe 'Discovery') leis na láithreacha ina bhfuil dobharlaigh dhromchla a shainnaint;
- Athbhreithniú agus cóimheas ar shonraí cáilíochta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ([www.epa.ie](http://www.epa.ie)) agus an WFD ([www.wfdireland.ie](http://www.wfdireland.ie)) i dtaca le huisce dromchla

atá gar don fhorbairt a bheartaítear;

- Uisce dromchla a shainaithint ina bhfuil speicis éisc salmainide agus/nó chiprinide; agus
- Uiscí íogaire a shainaithint.

30 Thug Innealtóirí Comhairleacha TOBIN (eolaithe / innealtóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí bainte amach acu) cuairteanna ar shuíomhanna sa CMSA idir mí an Mhárta 2009 agus mí Iúil 2009, i mí Aibreáin 2011 agus idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2013 d'fhonn measúnú amhairc a dhéanamh ar an gcomhshaol uisce i gcóngarach na forbartha a bheartaítear sa CMSA. Bhí taifeadadh gréasán draenála, díoga draenála, taifeadadh coinníollacha hidreolaíochta agus measúnuithe amhairc ar shruthchúrsaí agus ar thrasbhealaí sruthchúrsa i gceist leis na cuairteanna suímh.

#### 8.4.1 Hidreolaíocht

31 Trasnaíonn an línebhealach a bheartaítear Ceantar Hidriméadrach 06 (An Níth/ An Casán/ Abhainn Átha Féan agus a gcuid craobh-aibhneacha), Ceantar Hidriméadrach 36 (An Éirne agus a craobh-aibhneacha), agus Ceantar Hidriméadrach 03 (An Bhanna agus a craobh-aibhneacha). Trasnaíonn líon mór aibhneacha beaga agus sruthanna an CMSA (feic **Tábla 8.4**). Ní thrasnaíonn an línebhealach a bheartaítear aon aibhneacha móra (Abhainn sa 3ú ord nó os a chionn). Fuarthas an tOrd Srutha / Abhainn ó shuíomh gréasáin an EPA ([www.epa.ie](http://www.epa.ie)) agus é bunaithe ar rangú ord sruthanna (Strahler, 1952).

32 Tá Túr 103 agus Túr 109 suite i nDobharcheantar Abhainn Chluain Tiobrad. Ritheann Abhainn Chluain Tiobrad agus a craobh-abhainn, Abhainn an Mhaí siar ó thuaidh feadh na teorann idir Tuaisceart Éireann agus Éirinn. Téann Abhainn Chluain Tiobrad isteach in Abhainn na Coirre, a ritheann isteach sa Bhanna sa deireadh thiar.

33 Tá uiscí uachtair Abhainn Átha Féan suite feadh Theorainn Ard Mhacha/Mhuineacháin (Túir 109-130) agus draenálann sí i dtreo Loch Mucnú. Ritheann Abhainn Átha Féan soir ó dheas sula dtéann sí isteach i gCuan Dhún Dealgan agus isteach i Muir Éireann sa deireadh thiar.

34 Ritheann Abhainn na hEoghancha agus a craobh-aibhneacha ar cuid de dhobharcheantar na hÉirne iad, tríd an gcuid láir den fhorbairt a bheartaítear.

35 Ritheann Abhainn an Droma Mhóir agus Abhainn na hEoghancha siar i dtreo Dhroichead an Bhuitléaraigh agus Loch Éirne sula dtéann siad isteach i gCuan Dhún na nGall ag Béal Átha Seanaidh.

- 36 Trasnaítear an Níth / an Casán / Abhainn an Lagáin agus a gcuid craobh-aibhneacha ag an gcuid ó dheas den línebhealach a bheartaítear idir Túr 185 agus Túr 237.
- 37 Tá roinnt craobh-sruthanna abhann agus aibhneacha suite gar don línebhealach a bheartaítear ach bainte de. Is ann d'ard-dlús draenála de bharr na n-ithreacha tréscailteachta ísle agus na buncharraige. Chomh maith leis sin, tá roinnt lochanna suite sna loig idir droimníní.

**Tábla 8.4: Gnéithe Uisce Dromchla agus Ceantair Hidriméadracha feadh an Ailínithe**

Ceantar Hidriméadrach	Abhainn	Craobh-aibhneacha	Túir	% de thúir atá i ngach ceantar hidriméadrach
Ceantar Hidriméadrach 03	Loch nEathach /An Bhanna – Abhainn Chluain Tiobrad	Abhainn na Maí	103-108	5
Ceantar Hidriméadrach 06	Abhainn Átha Féan (agus craobh-aibhneacha)	Abhainn Átha Féan agus Sruth Dhún Feilimidh	109-130	16
Ceantar Hidriméadrach 06	An Casán	An Casán Uachtair agus Abhainn an Lagáin	190-194, 201-226	23
Ceantar Hidriméadrach 06	An Níth	An Níth Uachtair agus Sruth Loch na hOirbhe	227-237	7
Ceantar Hidriméadrach 36	Abhainn na hÉirne – (lena n-áirítear craobh-aibhneacha)	Abhainn na Cnapaí	156-188	49
		Abhainn na hEoghancha	189, 195-200	
		Abhainn an Droma Mhóir	131-155	

#### 8.4.2 Ceanglais na Creat-Treorach Uisce

- 38 Ceanglaítear le Treoir 2000/60/CE de chuid na gComhphobal Eorpach, lenar bunaíodh creat le haghaidh gníomhaíocht phobail i réimse an bheartais uisce (an Chreat-treoir Uisce [WFD] mar

is fearr aithne uirthi), ‘dea-stádas’ a bhaint amach d’uiscí Eorpacha faoin mbliain 2015. Bainfear é seo amach trí mhonatóireacht chuimsitheach a dhéanamh agus trí chóras bainistíochta abhantraí a phleanáil. Tugadh faoi thréithriú agus anailís ar an uile Cheantar Abhantraí (RBD) in Éirinn in 2004 de réir cheanglais Airteagal 5 den WFD. Sa staidéar tréithrithe sin, rinneadh measúnú ar an tionchar a bhí ag roinnt brúnna, lena áiríodh truailliú idirleata agus poncfoinse, astarraingt uisce agus brúnna moirfeolaíochta (e.g. struchtúir i dtaobh rialachán uisce). Ba é aidhm an chleachtaidh sin dobharlaigh a aithint a bhí i mbaol teipthe d’fhonn cuspóirí an WFD a chomhlíonadh faoi 2015, 2021 agus 2027. Tá bearta maidir le dul i ngleic leis na brúnna sin agus leis na brúnna sin a mhaolú le cur san áireamh i gclár foirmiúil beart a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

**Tábla 8.5: Roghnú Ranguithe an WFD le haghaidh na Móraibhneacha feadh an Ailínithe**

Ainm na hAbhann (an EPA) Cód na hAbhann (an EPA)	Stádas RBD Abhann	An chúis nach bhfuil stádas maith bainte amach más rud é nach bhfuil sé bainte amach	Ainm Dobharcheantair Uisce Dromchla RBD	Dea-Stádas faoin mbliain
Sruth Loch na hOirbhe NB_06_733	Drochstádas	Stádas iomlán éiceolaíochta, lena n-áirítear stádas maicrinveirteabraigh agus Stádas hidreamhoirfeolaíochta	NB_AnNíth96_CRAOBH naNíthe_SruthLochnah Oirbhe	2021
An Casán Uachtair NB_06_484	Dea-Stádas	-	NB_AnCasán95_AnCasán3_Uachtair	2015
An Casán-MachaireCluana NB_06_246	Dea-Stádas	-	NB_AnCasán95_AnCasánTRIB_MachaireCluana1_íochtair	2015
AnCasán-MachaireCluana NB_06_886	Drochstádas	Stádas iomlán éiceolaíochta	NB_AnCasán95_AnCasánTRIB_MachaireCluanae2_Uachtair	2021
Abhainn na hEoghancha Uachtair NW_36_1947	Tionchar Measartha	Stádas iomlán éiceolaíochta	NW_AnÉirne123Abhainn na hEoghancha_Abhainn na hEoghancha5_Uachtair	2021

<b>Ainm na hAbhann (an EPA)</b> Cód na hAbhann (an EPA)	<b>Stádas RBD Abhann</b>	<b>An chúis nach bhfuil stádas maith bainte amach más rud é nach bhfuil sé bainte amach</b>	<b>Ainm Dobharcheantair Uisce Dromchla RBD</b>	<b>Dea-Stádas faoin mBliain</b>
AnCasánTRIB_Loch Raithní2 NB_06_158	Drochstáda s	Stádas iomlán éiceolaíochta	NB_AnCasán95_AnCas ánTRIB_LochRaithní2_ Uachtair	2021
Abhainn na Cnapaí NW_36_1559	Tionchar Measartha	Stádas iomlán éiceolaíochta	NW_An Éirne123Abhainn na hEoghancha_na CnapaíTRIB_Loch na Seantamhnaí	2015
Abhainn na Cnapaí Íochtair NW_36_1068	Drochstáda s	Stádas iomlán éiceolaíochta, lena n-áirítear stádas maicrinveirteabrai gh	NW_An Éirne123Abhainn na hEoghancha_Abhainn na hEoghanchaTRIB_Abha inn na Cnapaí1_Íochtair	2021
Abhainn na Cnapaí NW_36_684	Tionchar Measartha	Stádas iomlán éiceolaíochta	NW_An Éirne123Abhainn na hEoghancha_Abhainn na CnapaíTRIB_Loch Eanach Mhic Dheirg	2015
Abhainn an Droma Mhóir NW_36_1691	Drochstáda s	Stádas iomlán éiceolaíochta	NW_An Éirne123Loch na hEoghancha_Drom MórTRIB_Corr Uí Bhraonáin	2021
Sruth Loch Major NW_36_1050	Dea- Stádas	-	NW_An Éirne123Loch na hEoghancha_SruthLoch MajorTRIB_Tuaim	2015
Drom Mór NW_36_895	Dea- Stádas	-	NW_AnÉirne123Abhain n na hEoghancha_Drom MórTRIB_SruthLochMaj or1_Íochtair	2015
Sruth Loch Major NW_36_1334	Drochstáda s	Stádas iomlán éiceolaíochta	NW_AnÉirne123Abhain n na hEoghancha_SruthLoch MajorTRIB_Corr Fionnlocha	2021

Ainm na hAbhann (an EPA) Cód na hAbhann (an EPA)	Stádas RBD Abhann	An chúis nach bhfuil stádas maith bainte amach más rud é nach bhfuil sé bainte amach	Ainm Dobharcheantair Uisce Dromchla RBD	Dea-Stádas faoin mBliain
Átha Féan – Sruth Dhún Feilimidh NB_06_406	Go dona	Stádas iomlán éiceolaíochta, agus stádas ginearálta fisiciceimiceach	NB_ÁthaFéan94_ÁthaF éanTRIB_SruthDhún Feilimidh	2021
Sruth na hAbhann Duibhe- ChluainTiobrad NB_XB_03_9	Drochstáda s	Stádas iomlán éiceolaíochta, agus stádas ginearálta fisiciceimiceach	NB_An Abhainn Dubh	2021

NÓTA –Stádas: Ciallaíonn ‘Staid’ an bhail atá ar an uisce sa dobharcheantair. Sainmhínítear é de réir stádas ceimiceach agus stádas éiceolaíoch, cibé acu is measa. Rangaítear uisce de réir ceann amháin as cúig rangú stádais: Stádas Ard, Dea-Stádas, Stádas Measartha, Drochstádas, Stádas Íseal. Ní dhearnadh monatóireacht ar gach dobharcheantair, áfach, agus sna cásanna den sórt sin, úsáideadh (eachtarshuíodh) stádas dobharcheantair den chineál céanna in aice láimhe chun stádas a shannadh.

39 Cuirtear an méid seo a leanas in iúl i dtaca le limistéir faoi chosaint faoin WFD:

- Níl aon aibhneacha i 'Limistéir Chosanta Cláraithe' (RPA) atá íogair ó thaobh cothaitheach de feadh an línebhealaigh a bheartaítear, cé is moite d'Abhainn Proules, atá 1 km soir ón gclós stórála le haghaidh ábhar tógála. Tá pNHA Loch Mhaigh nEalta (Cód an Láithreáin: 001608) suite i ndobharcheantair Abhainn Proules, atá 1 km le sruth ón gclós stórála sealadach le haghaidh ábhar tógála;
- Níl aon aibhneacha gnáthóige RPA feadh an línebhealaigh a bheartaítear;
- Níl aon lochanna ná inbhir RPA atá íogair ó thaobh cothaitheach de feadh an línebhealaigh a bheartaítear; agus
- Níl aon limistéir sliogéisc RPA feadh an línebhealaigh a bheartaítear.

40 Tá an chuid is mó de dhobharcheantair na hÉirne, Abhainn Átha Féan, an Chasáin agus na Níthe, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhfuil teacht uirthi, ‘i mbaol gan Dea-stádas a bhaint amach’ i dtaca le hUisce Dromchla (stádas 1a).

41 Tá dobharcheantair na hÉirne, an Chasáin, Abhainn Átha Féan agus na Níthe suite i dtalamh talmhaíochta den chuid is mó. Talamh féaraigh atá sna dobharcheantair den chuid is mó, chomh maith le ceantair mhóra bharr curaíochta. De bharr na nithe seo a leanas is ea an líon mór Aibhneacha den Chatagóir ‘I mBaol’ i ndobharcheantair na Níthe, an Chasáin agus Átha Féan:

- Truailliú Idirleata (i.e. Talmhaíocht);
- Truailliú Poncfhoirse (Fuíolluisce);
- Brúnna Moirfeolaíocha;
- Astarraingt Uisce; agus
- Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire.

42 Síltear gurb iad Ionaid Chóireála Fuíolluisce Talmhaíochta [WWTPanna] agus umair mhúnlaigh is cúis le breis agus 95% den ábhar iomlán truaillithe. Tá amhras gur foinsí talmhaíochta is cúis leis an truailliú i ngach cás seachas an Casán agus Abhainn Proules/ Loch Monalty áit a bhfuil amhras faoi thruailliú poncfhoirse WWTP.

### 8.4.3 Cáilíocht an Uisce Dromchla

43 Déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil monatóireacht ar cháilíocht uisce dromchla na hÉireann chomh maith le measúnú ar cháilíocht na sruthchúrsaí ó thaobh ceithre chatagóir cháilíochta de: ‘neamhthruaillithe’, ‘beagán truaillithe’, ‘measartha truaillithe’, agus ‘truaillithe go hOlc’. Déantar cur síos ar na catagóirí sin um cháilíocht an uisce agus ar an gclár monatóireachta ar cháilíocht an uisce san fhoilseachán de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Water Quality in Ireland, 2001-2003 (Cáilíocht an Uisce in Éirinn, 2001-2003)* (2005).

44 Bunaítear na measúnuithe ar cháilíocht an uisce go mór ar shuirbhéanna bitheolaíochta. Sainmhínítear Rátálacha Cáilíochta Bitheolaíochta nó Innéacsanna Bitheacha (Q-fhachtóirí) ó Q1 go Q5 mar chuid den chóras rangúcháin um cháilíocht bhitheolaíochta abhann. Leagtar amach an bhaint atá ag na hinnéacsanna seo le haicmí um cháilíocht an uisce i d**Tábla 8.6**.

**Tábla 8.6: An Gaol idir Innéacsanna Bitheacha agus Ranguithe um Cháilíocht Uisce**

Innéacs Bitheach	Stádas Cáilíochta	Aicme Cáilíochta
Q5, 4 - 5, 4	Neamhthruaillithe	Aicme A
Q3 - 4	Beagán Truaillithe	Aicme B
Q3, 2 - 3	Measartha Truaillithe	Aicme C
Q2, 1 - 2, 1	Truaillithe go hOlc	Aicme D



- 
- 45 Tugtar le tuiscint in athbhreithniú a rinneadh ar thorthaí an stáisiúin mhonatóireachta, go ginearálta, go bhfuil an chuid is mó de na haibhneacha feadh ailíniú na forbartha a bheartaítear sa CMSA beagán truaillithe nó measartha truaillithe.
- 46 Tugtar le fios i sonraí ó stáisiúin mhonatóireachta de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil go bhfuil formhór an uisce dromchla i ndobharcheantar Abhainn an Droma Mhóir beagán truaillithe nó measartha truaillithe. Cuimsítear samplaí de shonraí ó na stáisiúin mhonatóireachta is gaire don línebhealach a bheartaítear le torthaí cháilíocht an uisce ó 1997 go 2013. Feic Aguisín 8.1, **Aguisíní Imleabhar 3C** den EIS.
- 47 Rangaítear tromlach stáisiúin Abhainn na hEoghancha sin a bheith ‘beagán truaillithe’ go ‘neamhthruaillithe.’ Tá cáilíocht an uisce in Abhainn Átha Féan go dona agus tromlach na stáisiún rangaithe mar ‘truaillithe go holc’. Sonraítear samplaí de na stáisiúin seo i d**Tábla 8.7** in éineacht le torthaí cháilíocht an uisce ó 1997 go 2013.
- 48 Bhí stráicí ní b’fhaide d’uiscebhealaí neamhthruaillithe sa Chasán agus a craobh-aibhneacha nuair a rinne an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil suirbhé in 2012, i gcomparáid leis na haibhneacha i dtuaisceart an CMSA.

**Tábla8.7: Roghnú Innéacsanna Bitheacha (1997-2013) le haghaidh na Móraibhneacha feadh an Ailínithe a bheartaítear**

Abhainn	Láthair Mhonatóireachta	Innéacs Bitheach					
		1997/1998	2000/2001	2003/2004	2006/2007	2009/2010	2012/2013
An Casán	Droichead Cormey	4-5	4-5	4	4	4	3-4
	Droichead an Lagáin	3	4	4	4-5	4-5	4
	Droichead Bhéal Átha Claonta	-	4	4	-	4	4
An Níth	Dr in aghaidh an tsrutha An Éirne	4	3-4	4	3-4	3-4	3-4
	Dr ó thuaidh de gach crosbhóthar	4	4	4	4	-	-
	Tom's Bridge	3	3-4	3	3	3-4	3
Abhainn Átha Féan	Dr ó theas de Dhún Feilimidh	2-3	2-3	2-3	2/0	3	3
	2ú Dr in aghaidh an tsrutha Loch na Láithreach (Bóthar Mhálainne)	3	3	3	3	-	-
	Dr Dhoire Chraobhaí	3-4	3	3	3-4	3-4	3
	Dr Clarebane	3	3-4	3	3	3	3
	Dr Bhéal Átha na Cora	4	4	3-4	3-4	4	4
Abhainn na hEoghanna	2ú droichead in aghaidh an tsruth Loch Saileán	3-4	4-5	3-4*	4	3-4	4
	Dr Annafarney	3	3	3	3	3	3
	Dr gar do Ann's Fort	4	3-4	4	4	4	4

Abhainn	Láthair Mhonatóireachta	Innéacs Bitheach					
		1997/1998	2000/2001	2003/2004	2006/2007	2009/2010	2012/2013
Abhainn na Cnapaí (craobh - abhainn d'Abhainn na hEoghancha)	Droichead in aghaidh an tsrutha Béal	3	3*	4	3	3-4	3
	Dr an Leacáin	3	3-4*	3-4*	-	3	3
	Dr in aghaidh an tsrutha Comhchumar Abhainn na hEoghancha	3	3-4*	4	3-4	3-4	3-4
Abhainn an Droma Mhóir	Droichead soir ó thuaidh ó L Chorr Luain (ar dheis)	4	4	4-5	4	4	4
	Dr le sruth ó Dr Bhéal Átha an tSraha	3-4	3-4	3-4	4	4	4
	Dr siar ó dheas ó Bartley's Grove	3	3	4	3-4	3-4	1-2*
	Dr SE de Éadan Tí Feirgean	3-4	3	3-4	-	3-4	3-4
	Dr i mBéal Átha Beithe	3-4	-	3	3-4	3-4	2-3
	Dr le sruth L Major	3	3	3-4	-	3	3
	Dr Bhéal Átha an Daingin	3	3	3	3	3	3
Sruth Chluain Tiobrad	Droichead i gCluain Tiobrad	3	3	3	3	3	2-3
	Droichead siar ó dheas ón Chloichreán	-	-	3	3	-	3
	Droichead thoir ó Chrosbhóthar Choill Uí Néill	4	3	3	3	3	3

(Foinse: Sonraí EPA [www.epa.ie])

49 Tugtar achoimre thíos [aistriúchán neamhoifigiúil] ar na sonraí le déanaí maidir le cáilíocht an uisce ó shuíomh gréasáin an EPA ([www.epa.ie](http://www.epa.ie)):

- *“Bhí Abhainn Átha Féan i riocht éiceolaíochta míshásúil i gcónaí sa chuid uachtair den abhainn i Meán Fómhair 2012, agus taifeadadh drochríocht éiceolaíochta ag an Droichead ó Theas ag Dún Feilimidh (0150), Dr Dhoire Chraobhaí (0200) agus Dr Bhéal Átha na Cora (0400). D’éirigh leis an gcuid íochtair d’Abhainn Átha Féan fanacht i ndea-riocht éiceolaíochta ag Dr Inis Caoin (0650) agus ag Dr Bhaile Stiofáin (0900).”*
- *“Bhí riocht míshásúil éiceolaíochta ar uachtar Abhainn na Cnapaí (0200 agus 0400) i mí Iúil 2013. Is beag an t-athrú atá tagtha ar chúrsaí le breis agus fiche bliain de shuirbhéireacht ar an gcraobh-abhainn seo d’Abhainn na hEoghancha. Tá tionchar na lochanna suas an abhainn, go háirithe mar stórais Fosfair, in éineacht le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus tráchtála sa dobharcheantar, ag cur le heotrófú Abhainn na Cnapaí. Go háirithe, is iad easpa speicis mhaicrinveirteabracha thruailliú-íogaire, barraíocht fás fiailí agus algaí, barraíocht sáithiúcháin agus ocsaigin thuaslagtha íseal (<70% sáithiúcháin) atá mar chomharthaí sóirt ag na suíomhanna suas an abhainn (0200 ag an droichead suas an abhainn ó Loch Bhéal Átha Tréin; agus 0400 ag Droichead an Leacáin). Níos faide síos an abhainn ag stáisiún 0700 (beagán suas an abhainn ó chumar Abhainn na hEoghancha) taifeadadh dea-riocht éiceolaíochta le linn an tsuirbhé reatha”.*
- *Arís eile bhí Abhainn an Droma Mhóir i riocht míshásúil éiceolaíochta tríd is tríd in 2013. Ní raibh ach trí cinn den aon stáisiún déag (0015, 0036, 0900) a ndearnadh suirbhé orthu i ndea-riocht éiceolaíochta. Bhí comharthaí ann go raibh saibhriú cothaitheach ag tarlú mar speicis mhaicrinveirteabraigh fhulangacha, laghdú ar mhaicrinveirteabraigh truailliú-íogair, salachar iomarcach agus/nó fás algaí, DO faoi bhrú agus sioltachán iomarcach agus tugadh iad sin go léir faoi deara ag gach suíomh a ndearnadh suirbhé orthu mar gheall ar shéarachas agus talmhaíocht ar na lochanna feadh chúrsa na n-aibhneacha, agus téann tionchar breise na n-aibhneacha sin amach ar bhíothra na habhann féin. Tugadh laghdú suntasach ar an riocht éiceolaíochta faoi deara ag 0075, áit a ndearnadh dreidireacht agus oibreacha bruaigh le déanaí. Is é a bhí mar thoradh air sin ná gur bánaíodh gnáthóga na habhann agus gur sil-leagadh barraíocht siolta. Tugadh meath den chineál céanna faoi deara ag an droichead i mBéal Átha Beithe (0150), áit ar chuir teochtaí arda uisce i mí Iúil le leibhéal ocsaigine tuaslagtha a íslíodh go mór (5.9 mg/l; 68.7% sáithiúcháin).*
- *“Bhí feabhsú dearfach suntasach den chuid is mó ar an gcáilíocht éiceolaíochta in Abhainn na hEoghancha in 2013. Níor measadh ach ceann amháin d’aon suíomh déag a bheith neamhshásúil. Tá an suíomh le sonrú go díreach le sruth ó Loch Saileán (0150) agus tá fás iomarcach macraifíte ina ghné de.” [aistriúchán neamhoifigiúil]*

- *“Thug fána maicrinveirteabraigh le fios go raibh meath foriomlán ag teacht ar an gCasán ó 2009 i leith. In ainneoin dálaí sásúla éiceolaíochta a bheith taifeadta ag gach suíomh a ndearnadh measúnú orthu in 2009, ní raibh ach na píosaí láir den abhainn (Dr an Lagáin (0400), Dr Bhéal Átha Claonta (0500) agus Dr W Mhullach Craoibhe (0600) in ann dea-riocht éiceolaíoch a bhaint amach in 2012. Ba chúis dhíomá freisin, gur tugadh íosghrádú don chúig shuíomh eile go dtí riocht éiceolaíochta mheasartha.”*
- *“Níor tháinig aon athrú ar riocht éiceolaíochta Shruth Chluain Tiobrad le breis is deich mbliana, agus tugadh truailliú measartha faoi deara ann arís i mí Iúil 2010. Tá an sruthán seo a raibh an breac donn flúirseach ann tráth den saol faoi bhrú anois agus tá amhras gur ó fhoinsí talmhaíochta agus séarachais atá an brú sin ag teacht.”*

50 **Achoimre ar Cháilíocht an Uisce** – Tá fadhbanna i dtaobh cháilíocht an uisce ag gabháil don chuid is mó de na haibhneacha (seachas an Casán agus an Níth) feadh an bhealaigh a bheartaítear, eotrófú go príomha, a gceaptar go bhfuil foinsí talmhaíochta agus WWTPanna ina gcúis leis. De dheasca eotrófú forleathan, níor bhain Abhainn Átha Féan ach caighdeán a bhí faoi bhun caighdeán sásúil amach. Ba é an comhartha ba shoiléire de sin fásach algaí filiméadacha ar féidir leo cur isteach go mór ar chóras na hocsaigine tuaslagtha agus deascadh carbónáit chailciam (marla) a spreagadh ar an leaba abhann, rud a mhilleann nideoga ríthábhachtacha do réimse tásc-speiceas cuileanna Bealtaine agus cuileanna cloch dá bharr. Tá móramh na n-aibhneacha i ndobharcheantar an Droma Mhóir measartha truaillithe nó beagán truaillithe.

#### 8.4.3.1 Lochanna

51 Tá an t-ailíniú a bheartaítear laistigh de dhobharcheantar roinnt lochanna. Is minic a bhíonn na lochanna i loic idir droimníní. Tá imill bhogaigh ag roinnt de na lochanna sin agus déantar machnamh breise orthu i **Rannán 8.8**. Thug an EPA faoi mhonatóireacht ar cháilíocht an uisce i lochanna na hÉireann idir 2007 agus 2012. Leagtar amach córas rangaithe lochanna an EPA i d**Tábla 8.8**.

**Tábla 8.8: Córas Aicmiúcháin Trófach le haghaidh Lochanna**

Catagóir Thrófach Locha	Spríoc-Stádas Trófach	Comhchruinniú Fosfair Iomlán ar an Meán ( $\mu\text{g P/l}$ )	Uasteorainn Bhliantúil Clóraifill ( $\text{mg/m}^3$ )
Ultra-olagatrófach	Ultra-olagatrófach	$\leq 5.0$	$< 2.5$
Olagatrófach	Olagatrófach	$> 5 \leq 10$	$> 2.5 < 8$
Méiseatrófach	Méiseatrófach	$> 10 \leq 20$	$\geq 8 < 25$
Eotrófach	Méiseatrófach	$> 10 \leq 20$	$\geq 8 < 25$
Hipeatrófach	Eotrófach	$> 20 \leq 50$	$\geq 25 < 75$

52 I measc na lochanna móra atá áirithe sa CMSA tá siad seo a leanas:

- Loch Bharrachadh (thart ar 200 m siar ó thuaidh de Thúr 163);
- Loch an Bhaic (thart ar 210 m soir ó Thúr 175);
- Loch Éigis (H) (thart ar 600 m soir ó dheas de Thúr 161 agus Túr 162);
- Loch Chríonchoille (Tuaim) (soir ó dheas) (thart ar 500 m soir ó thuaidh de Thúr 146);
- Loch Chorr Luain (thart ar 890 m siar ó Thúr 134);
- Loch Morn (thart ar 250 m siar ó Thúr 166); agus
- Loch Dhroim Dhristin, Loch Coogan agus Loch Ghost (thart ar 220 m soir ó Thúr 130).

53 As na lochanna atá sonraithe thuas, rinne an EPA monatóireacht ar cháilíocht an uisce ag Loch Éigis agus ag Loch Mucnú. Fuarthas amach go raibh cáilíocht an uisce ag Loch Éigis hipeartrófach, atá rangaithe ag an EPA mar uisce atá truaillithe go hard agus ag a raibh droch-stádas éiceolaíochta in 2011. Fuarthas amach go raibh cáilíocht an uisce ag Loch Mucnú hipeartrófach freisin nó truaillithe go hard agus droch-stádas éiceolaíochta aige in 2012. Fuarthas amach ó shonraí stairiúla ó Loch Chríonchoille (Tuaim) go raibh sé thar a bheith eotrófach, rud atá rangaithe ag an EPA freisin mar loch atá truaillithe go hard. Tá roinnt lochanna beaga / lochán beag nach bhfuil ainmnithe suite feadh an línebhealaigh a bheartaítear mar seo a leanas:

- Loch an Easáin (thart ar 300 m ó dheas de Thúr 115);
- Loch an Mhaí (thart ar 265 m soir ó dheas de Thúr 226);
- Loch i mBaile Fearainn Ráth Fiachrach (thart ar 100 m siar ó Thúr 198);
- Loch i mBaile Fearainn Chorr an Bhealaigh (thart ar 150 m ó dheas, siar ó dheas de Thúr 193 agus thart ar 150 m ó thuaidh siar ó thuaidh de Thúr 194); agus
- Loch i mBaile Fearainn Choimeartaí (thart ar 200 m ó dheas de Thúr 201).

#### 8.4.3.2 Limistéir faoi Chosaint agus lascaigh

54 Níl aon SACanna/ cSACanna abhann feadh an ailínithe a bheartaítear laistigh den CMSA. Chuathas i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus le IFI maidir leis an línebhealach a bheartaítear. D'fhéadfadh sé gur sruthanna salmainide iad na haibhneacha feadh an línebhealaigh a bheartaítear. Go ginearálta, laghdaítear go mór an seans go mbeidh Salmainidí iontu (An bradán Atlantach agus an breac) i gcás go dtiteann na

Q-fhachtóirí faoi Q3 nó Q3 - 4. Is neamh-shalmainidí nó iasc garbh (ciprinidí) (Ruán, bran etc.) an t-iasc is flúirsí atá le fáil ag suíomhanna 'droch'-chaighdeáin (Q2 – 3) ach laghdaíonn siad go dtí <10% den phobal éisc ag suíomhanna 'ard'-chaighdeáin (Q4 – 5 agus Q5). Is salmainidí is flúirsí ag suíomhanna ard-chaighdeáin agus laghdaíonn siad go dtí <20% ag suíomhanna droch-chaighdeáin faoi mar a thugtar le fios in Investigation of the Relationship between Fish stocks, Ecological Quality Ratings (Q-Values), Environmental Factors and Degree of Eutrophication (Imscrúdú ar an nGaol idir Stoic Éisc, Rátálacha Cáilíochta Éiceolaíochta [Q-fhachtóirí], Tosca Comhshaoil agus Raon an Eotrófaithe)(2000) de chuid an EPA.

### 8.4.3.3 An Tábhacht a Bhaineann le Gnéithe Uisce Dromchla

55 Rinneadh measúnú ar a thábhachtaí atá do bharlaigh dhromchla ábhartha laistigh den CMSA trí na critéir a shonraítear sa rannán modheolaíochta i **Rannán 8.2** a chur i bhfeidhm ar an bhfaisnéis bonnlíne a thugtar ar fud an rannáin sin. Leagtar amach an méid tábhachta atá i gceist le gach gabhdóir uisce sa CMSA in éineacht le fírinniú a rangúcháin i d**Tábla 8.9**.

**Tábla 8.9: An Tábhacht a Bhaineann le Gnéithe Uisce Dromchla**

Gné Uisce Dromchla	Fírinniú	Méid Tábhachta
Neamhbhainteach	SACanna, cSACanna, SPAanna, pSPAanna NHAanna, pNHAanna	An-mhór
Craobh-aibhneacha den Chasán, Abhainn an Droma Mhóir, an Casán, Abhainn na Cnapaí, i.e. sruth Loch Major NW_36_1050; Drom Mór NW_36_895; AnCasánMachaireCluana NB_06_246; An Casán Uachtair NB_06_484 Loch Thuama	Aibhneacha Q4 Aibhneacha Q4-5 Aibhneacha Q5  Lochanna astarraingthe uisce dromchla	Mór
Craobh-aibhneacha den Chasán, Abhainn an Droma Mhóir, an Níth, an Casán, Abhainn na Cnapaí, Abhainn Átha Féan, Abhainn Chluain Tiobrad	Abhainn den 2 <sup>ú</sup> hOrd, Abhainn den 1 <sup>ú</sup> Ord	Measartha
Sruthanna	Sruthanna den 1 <sup>ú</sup> Ord, den 2 <sup>ú</sup> hOrd agus den 3 <sup>ú</sup> hOrd	Beag
Díoga draenála agus draenacha páirce	Níl sonraí ar bith ar fáil faoi choinne na sruthchúrsaí beaga seo; níl ach sreabhadh gearrshaolach nó sreabhadh an-teoranta ag cuid acu. Níl ceann ar bith acu ainmnithe faoin WFD, ach d'fhéadfaidís sreabhadh beag a chur le sruthchúrsaí níos mó laistigh den limistéar staidéir mar a shonraítear thuas. Ina theannta sin, cé go bhféadfadh tábhacht áitiúil de chineál éigin a bheith ag na sruthchúrsaí beaga seo ó thaobh draenáil talún agus soláthar uisce de i gcomhair ainmhithe feirme, chonacthas le linn na cuairte suímh go raibh mórán acu tirim, póitseáilte go mór nó eotrófach.	Diomaibhseach

#### 8.4.3.4 Sonraí Tuile

- 56 Rinneadh draenáil shaorga ó na 1960idí go dtí na 1980idí ar go leor de dhobharcheantair an Chasáin agus na Níthe le tailte talmhaíochta a fheabhsú. Tá mionathrú déanta ar dhobharcheantar an Chasáin le tuile a chosc, le páirceanna talmhaíochta a chur chun feabhais agus le forbairt uirbeach a éascú. Tá draenáil shaorga á déanamh ar an Níth mar aon lena craobh-aibhneacha ó na 1960idí i leith. I measc na gceantar a bhí tugtha do thuilte riamh bhí ceantair ina raibh dríodar glárach léarscáilithe ach tá minicíocht na dtuilte sin laghdaithe a bhíochas d'oibreacha faoisimh tuilte a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí.
- 57 Baineadh leas as 'Bunachar Sonraí um Baol Tuile' Oifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn faisnéis a fháil faoi tharluithe stairiúla tuile sa CMSA. Úsáideadh an fhaisnéis sin leis na coinníollacha reatha bonnlíne a shainaithint ó thaobh na gcodanna den limistéar atá i mbaol tuile. Níor tharla aon tuilte taifeadta suntasacha laistigh den CMSA feadh ailíniú an línebhealaigh a bheartaítear nó ag bunanna túir. D'fhéadfadh suíomhanna túir a bheith faoi réir bhá báistiúil in aimsir fhliuch. Chuathas i gcomhairle freisin le foinsí breise faisnéise lena n-áirítear cuardaigh Idirlín, léarscáileanna stairiúla, sonraí ó Staidéir um Bhainistíocht agus Mheasúnú ar Riosca Tuile i nDobharcheantar (CFRAManna) agus measúnuithe ar riosca tuilte. Níl an clós stórála le haghaidh ábhar tógála lonnaithe i limistéar atá tugtha do thuilte (Crios Tuile C) bunaithe ar na léarscáileanna ón measúnú tosaigh ar an riosca tuilte (PFRA).
- 58 Is ann do shonraí teoranta maidir le tuile stairiúil ach tugann na taifid le tuiscint gur tharla tuile sna ceantair seo a leanas:
- Tuile Loch an Bhaic agus Tulaigh Ghlais (talamh íseal idir Túr 176 agus Túr 177 agus Loch an Bhaic chuig an oirthuaisceart); agus
  - Tuile feadh Abhainn an Droma Mhóir ó thuaidh de Dhroichead Bhéal Átha an tSraitha (atá lonnaithe thart ar 0.2 km siar ó Thúr 140).
- 59 Níl na túir a bheartaítear suite ar thuilemhá mhór ar bith agus ní chuirfidh siad isteach ar uisceleibhéil ná ar shreabhadh Abhainn an Droma Mhóir, an Chasáin agus a craobh-aibhneacha, ná na Níthe.

## 8.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

### 8.5.1 Déan Faic

- 60 Más rud é nach dtarlaíonn forbairt ar bith, bheadh athruithe le sonrú fós ar an gcomhshaol uisce mar thoradh ar bhainistiú leanúnach talún laistigh den CMSA. Is é is dóichí ná go ndéanfaí dianbhainistiú ar an limistéar ar bhonn leanúnach i gcomhair talmhaíochta agus foraoiseacht



tráchtála. I measc na n-athruithe ar an mbainistiú a d'fhéadfadh tarlú tá tuilleadh athruithe i dtaobh draenáil talún agus úsáid talún; d'fhéadfaidís uile cur isteach ar cháilíocht an uisce sa CMSA. Mar sin féin, ní mheastar go mbeadh tionchar ag cé acu an leanann nó nach leanann an forbairt a bheartaítear ar aghaidh ar na hathruithe sin ar úsáid talún.

### 8.5.2 Céim na Tógála

61 Déantar plé i gCaibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS ar thuilleadh sonraí faoin modheolaíocht tógála a bheartaítear a rachaidh i gcion go díreach ar thionchar féideartha tógála ar an gcomhshaol uisce. Bunaithe ar nádúr na forbartha a bheartaítear agus ar na sonraí bonnlíne uisce a bailíodh, is fiú aird ar leith a thabhairt do na gníomhaíochtaí a leanas sa mheasúnú tionchair uisce agus, dá bhrí sin, i ndearadh na forbartha a bheartaítear:

- Foraoisí a leagan;
- Painéil alúmanaim bhóthair nó mataí rubair a leagan le haghaidh rianta rochtana sealadacha, nuair is gá;
- Bunsraitheanna túir agus túir a thógáil;
- Oibreacha i gcóngar sruthchúrsaí;
- Ábhair thógála;
- Stoc-charnadh ábhar; agus
- Seoltóirí a shreangú.

62 D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na gníomhaíochtaí sin ar an gcomhshaol uisce de bharr na nithe seo a leanas:

- Athruithe srutha;
- Doirteadh dríodair; agus
- Doirteadh ábhair shalaithe.

63 Ní bheidh tionchar suntasach ag suiteáil cuailí cosanta ná ag gníomhaíochtaí teasctha crann ar an gcomhshaol uisce bunaithe ar mhodheolaíochtaí a leagadh amach.

### 8.5.2.1 Athruithe Srutha

- 64 Tá an baol ann go mbeidh níos mó rith chun srutha le sonrú le linn na tógála de thairbhe rianta rochtana sealadacha, suaitheadh ithreach, balcadh ithreach agus stoc-chnardh ithreacha. D'fhéadfadh sé sin ráta agus méid an reatha chun srutha dhírigh ar dhromchla a mhéadú. Is é an tionchar a d'fhéadfadh bheith aige sin ar an gcomhshaol rátaí sreafa a mhéadú, rud a bheadh ina ábhar le méadú ar chreimeadh cainéil agus ar dhríodar a bhaineann sruthchúrsaí amach. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach codanna de dhraenacha tirime / de dhíoga draenála nó seirbhísí faoi thalamh a atreorú in áiteanna a dteagmhófaí leo agus, dá bhrí sin, thioctadh méadú ar rith chun srutha féideartha dríodair. Má thagtar trasna ar screamhuisce le linn na dtocailtí do bhunanna na dtúr, d'fhéadfadh gá bheith ann an t-insreabhadh a chaidéalú, agus dá bharr sin bheadh íostarraingt áitiúil ghearrthréimhseach ar an maoschlár agus doirteadh ar chainéil an uisce dhromchla.
- 65 Tá athbhreithniú ar an bhfaisnéis bhonnlíne faoi thuile stairiúil agus faoi bhaol tuile le fáil i **Rannán 8.4**. Rachaidh an líne a bheartaítear thar roinnt sruthchúrsaí lena ngabhann tuilemhánna agus ceantair cháiliúla bhá. Tá na túir suite ar shiúl ó na tuilemhánna sin, áfach, agus tuartar nach mbeidh drochthionchar suntasach ar thuile. Tuartar nach mbeidh tionchar mór ag bunsráitheanna túir ná ag bealaí rochtana sealadacha ar thoilleadh na dtuilemhánna trína dtéann siad ná ar nádúr hidreolaíoch na gceantar sin. Ina theannta sin, comhlíonann an tionscadal riachtanais na tástála fírinne, mar atá leagtha amach in OPW Guidelines for Planning Authorities (The Planning System and Flood Risk Management [2009]) (*Treoirlínte Oifig na nOibreacha Poiblí d'Údarás Áitiúla [An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte] [2009]*).
- 66 Ní bheidh drochthionchar ag tuile shealadach, bíodh tuile bháistiúil nó tuile abhann i gceist, ag bunanna na dtúr ar oibriú na forbartha a bheartaítear. Bádh clós stórála le haghaidh ábhar tógála go báistiúil riamh anall, mar sin féin nuair a tógadh an N2 tháinig athrú ar shreabhadh i gcóngarach an tsuímh. Bunaithe ar leagan amach an tsuímh i láthair na huaire, níl an suíomh i mbaol tuile.

### 8.5.2.2 Doirteadh Dríodair

- 67 Is féidir le solaid ar fuaidreamh tionchar a bheith acu ar cháilíocht an uisce dromchla mar a leanas: geolbhaigh éisc a thachtadh, láithreacha sceathraí a chlúdach, rud a mbíonn cailíteanas gnáthóg ar leaba na habhann ina thoradh air, agus plandaí uiscí a chur ó fhás trí sholáthairtí ocsaigin, fhoscadh agus fhoinsí bia a theorannú.
- 68 San áireamh sa réiteach suímh i gcomhair línte lasnairde a thógáil, tá úsáid bealaí rochtana sealadacha isteach chuig suíomhanna na dtúr (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS le

haghaidh sonraí breise) agus d'fhéadfadh mionoibreacha sibhialta timpeall ar shuíomhanna na dtúr a bheith i gceist freisin lena n-áirítear, i measc nithe eile:

- Limistéar na n-oibreacha suímh a ghlanadh;
- Leibhéaladh talún faoi bhunsraith an túir (más gá);
- Draenacha páirce a chur ar mhalairt slí san áit a bhfuil sruthchóras i láthair cheana féin san áit a bhfuil bunsraith túir;
- Aon limistéar oibre ar an láthair a rianú (e.g. fál sealadach a chur isteach etc.);
- Aon fhóntais atá ann cheana a chur ar mhalairt slí (e.g. píobáin uisce faoi thalamh, cáblaí, etc.); agus
- Ionaid chosanta a chur in airde.

69 Beidh gá le hathruithe ar struchtúir OHL reatha ar líne 110 kV Lisdrum-Lú agus ar líne 110 kV Lú-Rathrussan, lena áirithiú go gcoinnítear na glanspásanna sábháilteachta leictreacha imleora idir an ciorcad 400 kV a bheartaítear agus na línte 110 kV reatha. Ní eascraíonn aon tionchar féideartha suntasach ó na hoibreacha tógála seo.

70 Ina theannta sin, leagfar foraoiseacht tráchtála feadh an línebhealaigh. D'fhéadfadh dríodar doirteadh ó limistéar na n-oibreacha go sruthchúrsaí in aice láimhe i rith chéim na tógála. Is minic a bhíonn dúshraitheanna na dtúr (in aghaidh na coise túir) idir 2 m agus 3.5 m ar doimhneacht chuig leibhéal inbhéarta na dúshraithe agus idir 2 x 2 mhéadar chearnacha agus 9 x 9 méadar chearnacha in achar pleán, ag brath ar an gcineál túir atá i gceist. Tá sonraí faoi chineálacha bunsraithe san áireamh i gCaibidil 7 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

71 D'fhéadfadh dríodar dul isteach i sruthchúrsaí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Ithir a bhaint faoi choinne limistéar oibreacha na mbunsraitheanna túir agus bonneagair eile;
- Foraoisí a leagan, nuair is gá;
- Ithir a thochailt le haghaidh bunsraitheanna túir;
- Rith chun srutha agus creimeadh de bharr stoc-chairn ithreach (roimh athchóiriú); agus
- Tochailtí a dhí-uisciú le haghaidh bunsraitheanna túir.

- 72 Ní aimsítear aon limistéir mhóra d'fhoraoiseacht aibí ar línebhealach Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin.
- 73 D'fhéadfaí cáilíocht na n-uiscí glactha a laghdú agus nádúr na foshraithe a athrú dá mbeadh níos mó dríodair (solaid ar fuaidreamh) le sonrú i sruthchúrsaí. Baineann tionchar féideartha leis na láithreacha íogaire seo a leanas mar a bhfuil túir suite in aice aibhneacha:
- Aibhneacha Q4 – Sruth Loch Major NW\_36\_1050; Túir 223 suite thart ar 0.25 km ón abhainn;
  - Drom Mór NW\_36\_895; Túir 139-140– suite thar 0.15 km den abhainn;
  - AnCasánMachaireCluana NB\_06\_246; Túir 204 suite thart ar 130 m ón sruth;
  - An Casán Uachtair NB\_06\_484 Túir 224 agus 219 suite thart ar 20 m ón sruth;
  - Loch Thuama – Astarraingt uisce dromchla – Túir 145 – Túir 149 suite thart ar 0.5 km ón loch (tá Túir 145 - 154 lonnaithe i ndobharcheantar Loch Thuama); agus
  - Loch Éigis – Astarraingt uisce dromchla – Túir 161 – Túir 163 suite thart ar >0.5 km ón loch (tá Túir 156 - 164 lonnaithe i ndobharcheantar Loch Éigis).
- 74 Déantar plé ar an gcur chuige a nglactar leis maidir le leathnú na bpointí rochtana i gCaibidil 6 d'Imleabhar 3B den EIS agus i gCaibidil 13 den imleabhar seo den EIS. D'fhéadfaí na pointí rochtana atá ann cheana féin a mhéadú go sealadach chun freastal a dhéanamh ar na feithiclí tógála níos mó. Seans go mbeidh sé den riachtanas fad aon droichid atá ann cheana féin a mhéadú má tá na trasbhealaí sin le leathnú. Sa chás go mbíonn gá le struchtúir shealadacha, lorgófar ceadú ó lascach Intíre Éireann maidir le sonraíocht agus tráth na suiteála. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach lintéar a dhéanamh de chodanna beaga de dhíoga draenála ar bhonn sealadach agus d'fhéadfadh doirteadh dríodair teacht chun cinn dá bharr. Ní bheartaítear áth a thógáil thar shruthanna ná aibhneacha mar chuid den fhorbairt seo a bheartaítear.
- 75 Tá pNHA Loch Mhaigh nEalta agus Abhainn Proules suite le sruth ón mbábhún tógála. Is sruth atá íogair ó thaobh cothaitheach de í Abhainn Proules atá suite thart ar 0.6 km soir ón gclós stórála le haghaidh ábhar tógála. Is níotráit agus fosfáití ó sceitheadh a síltear gur fuíolluisce é agus ó thalmhaíocht an brú is mó atá ar Abhainn Proules. Níl sé i gceist fuíolluisce a scaoileadh ón suíomh agus dá bhrí sin ní bheidh tionchar ag an mbábhún tógála ar stádas cothaithe Abhainn Proules.

### 8.5.2.3 Doirteadh ábhair shalaithe

76 Is ann do bhaol maidir le truailliú breosla de thaisme i rith thógáil na forbartha a bheartaítear. Is teoranta don tionchar féideartha a ghabhann le doirteadh de thaisme de bharr mhéid an innealra a úsáidtear agus scála teoranta na tógála ag suíomh ar bith. I measc na bhfoinsí féideartha tá siad seo a leanas:

- Doirteadh nó sileadh ola agus breosla a stóráiltear ar an suíomh;
- Doirteadh nó sileadh ola agus breosla ó innealra/ fheithiclí tógála;
- Doirteadh ola nó breosla agus innealra á athbhreoslú ar an suíomh; agus
- Leas a bhaint as coinchréit agus as stroighin le haghaidh bhunsraitheanna na dtúr.

77 Tá coinchréit (an comhábhar stroighne, go sonrath) fíor-alcaileach agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag aon doirteadh díreach le sruthchúrsa áitiúil ar cháilíocht an uisce agus ar fhána agus ar fhlóra sa ghearrthéarma. D'fhéadfadh go mbeadh rith chun srutha ó choinchréit isteach i ndraenacha agus i sruthchúrsaí eile atá cóngarach do limistéar na n-oibreacha, a d'fhéadfadh a bheith nasctha le sruthanna, aibhneacha agus lochanna lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta níos mó.

78 Ní chuireann sreangú isteach ar aon rud agus is é doirteadh plandola nó breosla an t-aon riosca amháin a bhaineann leis i dtaca le sruthchúrsaí. Beidh sé sin teoranta de bharr mhéid umar breosla an ghléasra / na bhfeithiclí is mó a úsáidfeá ar an suíomh. Mar sin de, ní bhaineann ach tionchar féideartha sách íseal leis na hoibreacha seo.

79 Tá athbhreithniú ar an bhfaisnéis bhonnlíne faoi tuile stairiúil agus faoi bhaol tuile le fáil i **Rannán 8.4**. Rachaidh an t-aillíniú a bheartaítear thar roinnt sruthchúrsaí lena ngabhann tuilemhánna agus ceantair ina dtarlaíonn bá. Tá na túir suite ar shiúl ó na tuilemhánna sin, áfach, agus tuartar nach mbeidh drochthionchar suntasach ar thuile. Tuartar nach mbeidh tionchar mór ag bunsráitheanna túir ná ag bealaí rochtana sealadacha ar thuilleadh na dtuillemhánna trína dtéann siad ná ar nádúr hidreolaíoch na gceantar sin.

80 Ní bheidh drochthionchar ag tuile shealadach, bíodh tuile bháistiúil nó tuile abhann i gceist, ag bunanna na dtúr ar oibriú na forbartha a bheartaítear.

### 8.5.2.4 Achoimre: Tionchar Tógála ar Phríomhghabhdóirí Uisce

81 Seachnófar príomhghabhdóirí uisce san fhorbairt a bheartaítear ar an mórchoír. D'fhéadfadh tionchar féideartha i rith chéim na tógála den fhorbairt a bheartaítear teacht chun cinn de thoradh rith chun srutha uisce dromchla ó ghníomhaíochtaí leagain crann agus oibreacha

tochailte. Thiocfadh le doirteadh ábhair de thaisme, macasamhail ola bhreosla nó tuaslagóirí, gnéithe uisce a thruailliú. D'fhéadfaí drochthionchar féideartha measartha logánta sealadach a shonrú ag na suíomhanna is íogaire, cosúil le doirteadh de thaisme, siocair go bhfuil baol truailithe ann freisin. D'fhéadfaí dul i ngleic leis an tionchar féideartha sealadach, áfach, a bhuíochas le bearta maolaithe cuí mar a leagtar amach san EIS seo. Tá achoimre i d**Tábla 8.10** ar an measúnú tionchair ar chéim na tógála (roimh an maolú).

**Tábla 8.10: Achoimre ar an Tionchar Tógála**

Tionchar	Gabhdóirí	Measúnú ar Thionchar roimh Mhaolú		
		Fad Ama an Tionchair	Méid an Tionchair	Tionchar Féideartha
An Tionchar Féideartha (gan mhaolú)	Bábhún tógála	Gearrthéarmach	Diomaibhseach	Diomaibhseach
	Trasbhealaí Aibhneacha Q4	Gearrthéarmach	Drochthionchar Beag	Drochthionchar Beag Áitiúil
	Gach láthair túir eile	Gearrthéarmach	Diomaibhseach	Diomaibhseach
	Foraoisí a leagan	Gearrthéarmach	Diomaibhseach	Diomaibhseach

### 8.5.3 An Chéim Oibríoch

82 Ní bheidh aon scaoileadh díreach go dtí an comhshaol uisce i rith na céime oibríche. Ní réamh-mheastar go sonrófar tionchar féideartha suntasach ar bith eile i rith na céime oibríche.

### 8.5.4 Díchoimisiúnú

83 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchar níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

## 8.6 BEARTA MAOLAITHE

84 Tá tionchar féideartha na forbartha a bheartaítear agus an baol don chomhshaol uisce dromchla curtha san áireamh i ndearadh na forbartha a bheartaítear. Tá bearta arna bhforbairt chun tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce a mhaolú. Tá sé i gceist leis na bearta sin tionchar féideartha a sheachaint nó a íoslaghdú trí mhodhanna tógála an dea-chleachtais a chur i bhfeidhm agus cloí leis an reachtaíocht chuí uile. Cuireadh srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) san áireamh in **Aguisín 7.1, Imleabhar 3B** den EIS, agus tá sé ina chuid de na cáipéisí iarratais. Cuirtear gach beart maolaithe ábhartha atá leagtha amach san EIS san áireamh sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála agus cuirfear san áireamh iad sa CEMP deiridh.

### 8.6.1 Céim na Tógála

85 Chun an tionchar féideartha a mhaolú i rith chéim na tógála, déanfar na hoibreacha uile a bhaineann le tógáil na forbartha a bheartaítear agus aird chuí á tabhairt ar an treoir a leagtar amach i gCáipéis C741 (2015) de chuid an CIRIA, *Environmental Good Practice on Site (Dea-chleachtas Comhshaoil ar an Suíomh)*. Chomh maith leis sin déanta bearta maolaithe a chorprú isteach sa CEMP. Mar a luadh thuas, cuirtear gach beart maolaithe ábhartha atá leagtha amach san EIS san áireamh sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála agus cuirfear san áireamh iad sa CEMP deiridh.

86 Déanfar na hoibreacha suímh agus na gníomhaíochtaí gaolmhara uile, lena n-áireofar bealaí rochtana sealadacha, bunsraitheanna túir agus sreangú ar bhealach a bheidh freagrach ó thaobh an chomhshaoil de chun aon drochthionchar ar uisce a d'fhéadfadh tarlú de bharr oibreacha a bhaineann le céim na tógála a íoslaghdú a mhéid agus is féidir. Bainfear leas as CEMP lena chinntiú go ndéanfar cosaint chuí ar an gcomhshaol uisce. Beidh an pearsanra ar fad a bheidh ag obair ar an bhforbairt a bheartaítear freagrach as rialú comhshaoil a gcuid oibre agus déanfaidh siad a ndualgais de réir cheanglais agus nósanna imeachta an CEMP. I dtaca le fuíolluisce a ghinfeadh le linn chéim na tógála, beidh áiseanna leasa ar an suíomh lena n-áireofar leithris cheimiceacha neamhspleácha. Déanfaidh conraitheoirí cuí ábhar salach draenála a bhailiú agus a chóireáil in áit eile de réir na *nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2014*. Déanfar áiseanna um uisce inólta a thabhairt chuig an suíomh i rith chéim na tógála.

87 Chun aon tionchar ar an tsraith fhodhromchla ó dhoirteadh ábhar a íoslaghdú, stórálfar an ola agus breosla ar fad a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchla bundaithe sealadach dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundáilte cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithiclí tógála agus cur olaí hiodrálacha nó bealaí ar fheithiclí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó dhraenacha uisce dromchla. Ní cheadófar aon athbhreoslú laistigh de 50m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacáí

ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibríthe chun an trealamh sin a úsáid i gceart.

88 Déanfar cothabháil sheachtainiúil agus seiceáil laethúil ar aon fheithiclí a úsáidfeadh le linn na céime oibríche chun a chinntiú go gceartófar aon damáiste nó aon ligean. Tá an tionchar féideartha teoranta de bharr mhéid umar breosla an ghléasra / na bhfeithiclí is mó a úsáidfeadh ar an suíomh. Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin:

- Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;
- Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;
- Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe;
- Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid; agus
- Úsáidfeadh deighilteoirí uisce is ola ag bábhúin tógála.

89 Cuirfear san áireamh sa chóras draenála uisce dromchla ag an gclós stórála le haghaidh ábhair thógála na moltaí i gCáipéis c648 ón CIRIA *Control of Water Pollution from Linear Construction Projects (Rialú Truailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líneacha)*. Beidh rith chun srutha ón gclós stórála le haghaidh ábhar tógála teoranta chuig rátaí rith chun srutha a bheadh i láithreán úrnua. Rachaidh an rith chun srutha trí bhac siolta, idircheapóir ola agus murlach lonnaíochta sula scaoilfeadh chuig an uisce dromchla é.

### 8.6.2 Foraoisí a Leagan

90 Cé go bhfuil cainníocht na foraoiseachta tráchtála feadh an línebhealaigh sa CMSA teoranta, (thart ar 0.4 ha), ba cheart go dtabharfaí faoi leagan limistéar foraoise de réir *Forestry and Water Quality Guidelines (Treoirlínte maidir le Foraoiseacht agus le Cáilíocht an Uisce)* (Roinn na Mara agus Acmhainní Nádirtha, 2000). I limistéir ina mbeidh crainn le leagan, úsáidfeadh criosanna maolánacha agus díoga draenála le linn an leagain, go háirithe ar thalamh chlaonta, d'fhonn an tionchar a bhaineann le rith chun srutha dromchla níos mó agus an dríodrú gaolmhar, a mhaolú.

91 Rachfar i gcomhairle le hlascach Intíre Éireann agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula dtosaíonn an leagan i gceantair lena mbaineann tábhacht iascaigh agus fiadhúlra. Suiteálfar gaistí dríodair roimh an leagan agus déanfar iad a chothabháil gach lá i rith na n-oibríochtaí leagain. Leagfar crainn ar shiúl ón gcrios uisceach. Ní bhainfeadh le meaisíní sa chrios bruachánach. Chuige sin, cuirtear gach beart maolaithe ábhartha atá leagtha amach



san EIS san áireamh sa srac-Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála agus cuirfear san áireamh iad sa CEMP deiridh.

- 92 I suíomhanna ina bhfuil baol mór creimthe (fánaí géara agus/nó in aice le haibhneacha), úsáidfear mataí caschoille chun damáiste ithreach, creimeadh agus dríodrú a sheachaint. Athrófar na mataí caschoille nuair a éireoidh siad síleáilte caite. Ba cheart foráil a dhéanamh do mhataí caschoille feadh gach bealaigh easbhóthair ionas nach mbeadh balcadh ná sclagadh ithreach le sonrú. Ní leagfar crainn nuair atá báisteach throm ann chun rith chun srutha a chosc. Ní cuirfear breosla in innealra ná ní dhéanfar cothabháil ar innealra laistigh de 50 méadar de chrios uisceach. Stórálfar adhmaid i limistéir thirime ar shiúl ó na criosanna bruachánacha. Is tionchar gearrthéarmach a tharlóidh i gcéim na tógála a bheidh i gceist le tionchar leagain foraoisí na líne tarchuir lasnairde

### 8.6.3 Oibreacha i gcóngar Sruthchúrsaí

- 93 Dearadh an línebhealach d'fhonn go suífí bealaí rochtana sealadacha agus láithreacha túir ar shiúl ó aibhneacha íogaire más féidir. Ní bheartaítear tabhairt faoi oibreacha ar bith i sruthanna feadh an línebhealaigh sa CMSA. Bainfear úsáid as bealaí rochtana atá ann cheana pé áit a mbíonn siad. Ní cuirfear breosla in innealra ná ní dhéanfar cothabháil ar innealra laistigh de 50 méadar de chrios uisceach. Stórálfar ábhar tochairte i limistéir thirime ar shiúl ó na criosanna bruachánacha.
- 94 Go ginearálta, thiocfadh leis na hoibreacha suímh uile sruthchúrsaí a thruailliú. Tabharfar faoi bhearta maidir le rialú ar thruailliú agus ar dhríodar i ngach limistéar oibre, go háirithe i gcásanna ina bhfuil túir suite in aice aibhneacha. Cé nach bhfuil aon sruthanna móra feadh an línebhealaigh trasnaítear roinnt aibhneacha agus sruthanna. Ina theannta sin tarlaíonn astarraingt uisce dromchla ag Loch Éigis agus ag Loch Thuama. Beidh stoc-chairn lonnaithe amach ó na sruthchúrsaí agus ó na díoga draenála. Déanfar stoc-chairn a ghrádú de réir phróifíl <1:4. Stórálfar barrithir agus fo-ithreacha ar shiúl óna chéile. Beidh stoc-chairn d'ithreacha mianracha agus de mhóin <2 mhéadar agus <1 mhéadar faoi seach. De bharr maoirseacht gheoiteicniúil a dhéanamh i dteannta le monatóireacht, déanfar cinnte de go stórálfar aon mhóin in áiteanna oiriúnacha. Múnlófar agus leagfar dromchlaí bairr stoc-chairn amach ionas nach dtarlóidh creimeadh ó rith chun srutha. Is féidir mataí cosanta ó chreimeadh a chur ar dhromchlaí stoc-chairn, de réir mar is gá.

**Tábla 8.11: An Fad idir Túir agus Sruthanna / Lochanna Íogaire**

Ainm na hAbhann / an Locha	An Túir is Cóngaraí	Fad go dtí Abhainn (méadar)
Sruth Loch Major	223	250
Loch an Mhaí	226	265
An Casán Uachtair	219 agus 224	20
Machaire Cluana Íochtair	204	80
Loch an Bhaic	175 agus 176	210
Loch Éigis	161	>500
Loch Thuama	146 147 148	>500

- 95 Úsáidfeadh bacainn siolta / imbhallaí siolta i gcásanna ina dtabharfar faoi thúir nó faoi oibreacha in achomaireacht do shruthchúrsaí. Is rithábachtach go dtógfar claíocha siolta i gceart agus déanfaidh bainisteoir foirgníochta agus Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha maoirseacht air sin. Déanfar an bhacainn siolta / an t-imbhalla siolta a mhúnú agus a shuiteáil go sainiúil ionas go ngabfar an rith chun srutha gan ligean don uisce sileadh faoina b(h)un nó thart ar an imeall. Beidh an bhacainn siolta suite le grádán ó na hoibreacha agus déanfar cigireacht uirthi go rialta, le linn tarluithe fearthainne agus dá n-éis. I gcás fánaí géara, bainfeadh úsáid as níos mó ná imbhalla siolta amháin. Iompófar imill an imbhalla siolta suas an fhána chun cosc a chur ar uisce dul timpeall na n-imeall. D'fhéadfaí greamanna, sumpáí, burlaí cocháin agus gaistí dríodair a shuiteáil chun siolta a ghabháil más infheidhme. Ba chóir don chonraitheoir gach ceann díobh seo a chothabháil gach lá lena chinntiú go bhfanfaidh siad éifeachtach agus nach mbeidh níos mó seans ann go dtarlóidh teagmhas.<sup>29</sup> Is féidir le báisteach tionchar suntasach a bheith aici ar thruailliú sruthchúrsaí. Cuirfeadh gníomhaíochtaí áirithe suímh, lena n-áirítear doirteadh coincréite in aice le sruthchúrsaí, ar atráth le linn báisteach throm (> 5 mm san uair) ionas nach rachaidh aon thruailliú isteach i sruthchúrsaí.

<sup>29</sup> Cáipéis 650 de chuid CIRIA.

- 96 I gcás ina mbeidh sé den riachtanas screamhuisce a dhí-uisciú, déanfar an t-uisce dá dheasca sin a scagadh sula scaoilfear é. Beidh teorainn ó thaobh faid ama le dí-uisciú má theastaíonn sé. Is féidir screamhuisce a scagadh trí úsáid a bhaint as bundaí / umair atá líonta le hábhar scagaire. Féadfar tathagú de mhéid aonair idir 5 – 10 mm, geoiteicstílí nó burlaí cocháin a úsáid mar scagaire. Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce a scaoilfear amach ionas go mbeidh a fhios cén sórt tionchar iarmharach atá réamh-mheasta.
- 97 Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin:
- Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;
  - Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;
  - Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe; agus
  - Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.
- 98 Maidir le háiseanna agus gníomhaíochtaí stórála ar an suíomh, stórálfar aon amhábhair agus aon bhreoslaí i limistéir bhundaithe, más cuí, chun doirteadh nó sceitheadh féideartha de thaisme a sheachaint. Déanfar seiceáil rialta ar gach trealamh agus innealra i gcomhair sceite agus cáilíocht feidhmiúcháin.
- 99 Cuirfear oiliúint ar gach pearsanra suímh agus beidh a fhios acu cad ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála, mar shampla doirteadh substaintí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach. Coinnítear pacáí doirte lena chinntiú go ndéileáiltear le gach doirteadh nó sceitheadh ar an toirt agus cuirfear oiliúint chuí ar an bhfoireann chun iad a úsáid i gceart. Coinneofar aon seirbhísiú feithiclí i gceantair shainithe atá faoi chosaint oiriúnach. I gcás go dtarlóidh sé agus ní móide go dtarlóidh aon teagmhas truaillithe ná doirte, cuirfear an teagmhas in iúl don rialtóir iomchuí agus cuirfear na sruthchúrsaí inar tharla an teagmhas ar ais ina gceart.

#### **8.6.4 Rianta Rochtana Sealadacha agus Bunsraitheanna Túir a Sholáthar**

- 100 Ní mheastar go dteastóidh soláthar forleathan de rianta rochtana sealadacha (i.e. mataí rubair sealadacha nó painéil alúmanaim bhóthair shealadacha) chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil. Beidh túir sa CMSA suite tríd is tríd i bpáirceanna talmhaíochta áit a mbeidh rochtain ghinearálta ag feithiclí. Úsáidtear feithiclí ísealbhrú den chuid is mó, chomh maith leis an bpol deirice chun an struchtúr miotail a thógáil. Is gnách gur féidir rochtain gan mórán stró a fháil ar láithreáin túir ar thalamh ardchaighdeán trí leas a bhaint as innealra ag a bhfuil criosanna boinn. Bainfear an oiread úsáide agus is féidir as bealaí isteach feirme agus rianta feirme atá

- ann cheana féin nó as bóithre. Is éard a bheidh i gceist leis na rianta rochtana sealadacha rianta alúmanaim nó mataí rubair (feic Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS).
- 101 In áiteanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh sé den riachtanas mataí rubair sealadacha nó painéil alúmanaim bhóthair shealadacha a leagan síos má thagtar ar dhrochbhogach chun rochtain a éascú. Ní bheidh na rianta rochtana sealadacha níos mó ná 4 mhéadar ar leithead agus leagfar iad ar shiúl ó dhraenacha más féidir. Bainfear úsáid as bacainní siolta i láithreacha íogaire chun cosc a chur ar aon rith chun srutha le sruthchúrsaí áitiúla.
- 102 Bainfear an uile rian rochtana sealadach tráth dheireadh chéim na tógála agus fágfar an talamh amhail a bhí sí i dtosach báire. Déantar plé ar shonraí breise i gCaibidil 7 d'**Imleabhar 3B** den EIS. Caithear cosc a chur ar shiolta / chré dul isteach san uisce dromchla ag an bhfoinse mar réiteach ar sholaid ísle ar fuaidreamh a chothabháil. Cinnteofar trí bhearta coisctheacha go laghdófar tiúchan solad ionchuir ar fuaidreamh ag an bhfoinse an oiread agus is féidir. Bainfear amach an méid sin trína chinntiú go stórálfar siolta/cré agus barrithir i gceart i rith chéim thógála na forbartha agus, dá bhrí sin, go laghdófaí mórfhoinse mínithreacha de bharr rith chun srutha.
- 103 Ní cheadófar na feithiclí a iompraíonn an choincréit a ghlanadh síos ná a ghlanadh amach ag suíomh na tógála. Déanfar na feithiclí sin a ghlanadh síos agus a ghlanadh amach ag áis chuí ag suíomh seachtrach nó san áit ina bhfuarthas an choincréit. I gcás innealra níos lú, cruthófar limistéir bheaga glanadh síos ar an láithreán. Is scipe nó tanc cruach a bheidh i gceist ansin. Tabharfar cuntas scríofa ar gach limistéar nite ceadaithe agus cuirfear oiliúint ar fáil d'oibríthe suímh.
- 104 Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce roimh thús na tógála chun sonraí bonnlíne a bhunú agus lena chinntiú nach rachaidh cáilíocht an uisce chun olcais. Díreofar sa mhonatóireacht seo ar shruthchúrsaí a mheasfar baol truaillithe níos mó a bheith ag baint leo (i.e. túir ag a bhfuil sruthchúrsaí laistigh de 20 méadar de na hoibreacha tógála). Déanfar cigireacht laethúil ar na sruthchúrsaí in aice láimhe mar chuid den mhonatóireacht ar cháilíocht an uisce. Déanfar sampláil rialta faoi choinne pH agus seoltachta mar aon le sampláil le haghaidh hidreacarbón agus solad ar fuaidreamh má thugtar aon athrú ar an gcuma faoi deara. Breathnófar ar shruthchúrsaí in aice le hoibreacha tógála gach lá agus coinneofar miontaifid ar an mbreathnóireacht, lena n-áireofar grianghraif. Más amhlaidh go síltear go bhfuil truailliú ann, baileofar samplaí suas an abhainn agus síos an abhainn ón bpointe seo agus seolfar chuig saotharlann arna creidiúnú go cuí le haghaidh anailíse iad. Cuirfear stop leis na hoibreacha uile go dtí go n-aithneofar agus go rialófar an fhoinse agus go dtí go ndéanfar feabhsúchán ar bith.

### 8.6.5 Seoltóirí a Shreangú

105 Go ginearálta, ní mheastar go dteastóidh rianta rochtana sealadacha (i.e. mataí rubair nó painéil bhóthair alúmanaim) chun sreangú na seoltóirí a éascú. Úsáidtear feithiclí ísealbhrú, go príomha, le tabhairt faoi shreangú na líne. Cuirfear bearta maolaithe san áireamh maidir leis an úsáid chúí as breosla ar an suíomh. Ina theannta sin, is féidir an riosca sin a rialú go héifeachtach trí dhea-chleachtais agus trí dhea-dhálaí oibre agus trí phlean éifeachtach um chosc ar thruailliú a chur i bhfeidhm, mar a shonraítear sa CEMP imlíneach.

## 8.7 TIONCHAR IARMHARACH

106 Mar gheall ar nádúr na forbartha a bheartaítear, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha is mó ar an gcomhshaol uisce. Le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe atá leagtha amach san EIS seo, meastar go mbeidh tionchar diomaibhseach ar an gcomhshaol uisceach le haghaidh chéim thógála na forbartha a bheartaítear. Maidir le céim oibríoch na forbartha, meastar nach mbeidh ach tionchar diomaibhseach ar an gcomhshaol uisce áitiúil.

## 8.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOL

107 Tá idirchaidreamh tábhachtach ag uisce leis an gcomhshaol ithreacha agus éiceolaíochta ar na bealaí seo a leanas: toisc cheimic uisce; sreabhréisímí abhann; cumas stórála uisce agus láthair sruthchúrsa. Tá tionchar aige ar cháilíocht an uisce freisin i dtaca le cumas buncharraige agus sil-leagan dromchla truailléain fhéideartha a scagadh. D'fhéadfadh tionchar féideartha éiceolaíochta teacht aníos trí mhíláimhseáil ithreacha nó trí shil-leagan ithreacha tochailte i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de.

108 Sainithníodh an tionchar féideartha agus na bearta maolaithe i **gCaibidil 6** agus i **gCaibidil 7** den imleabhar seo den EIS. Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le Caibidil 6 agus Caibidil 7, **Imleabhar 3B** den EIS.

109 Rinneadh measúnú bunaithe ar fhoinsí, ar chonairí agus ar ghabhdóirí féideartha feadh an línebhealaigh a shainithint. Má tá na trí ghné go léir (foinse, conair agus gabhdóir) i láthair, beidh nascacht ann agus beidh tionchar féideartha ar an ngabhdóir/ar na gabhdóirí. Ó thaobh an uisce de, níl aon cSACanna ná éiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce (GWDTE) cóngarach don línebhealach. Bunaithe ar athbhreithniú ar na caibidilí ar mhodheolaíocht tógála, flóra agus fána, agus ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht ní thagann aon mhórtionchar carnach as an bhforbairt a bheartaítear. Seachnaíodh tailte portaigh slána agus eanaigh shlána agus, dá bhrí sin, níl aon tionchar féideartha ar éicidheolaíocht na limistéir ina bhfuil talamh mhóna. Sainithníodh i **gCaibidil 6** den imleabhar seo den EIS roinnt bogaigh neamhshainithe cóngarach don ailíniú lena mbaineann luach éagsúil. Áirítear orthu sin Portach na Coirre Léithe, Portach Ghréach Luain, Ráth Fiachrach Theas, Loch Chorr an Bhealaigh,

Loch an Bhaic, Coillearnach Thulaigh Ghlais, Lough Nahinch (Portach an Chaisil), Portach Chlár Doire, Féarach an Easáin, bogaigh an Droma Mhóir, lochanna bhogaigh Limistéar na Seantamhnaí, Loch Morn agus lochanna siar uaidh, agus Loch Éigis.

- 110 Níl sé i gceist aon túir a lonnú laistigh de shuíomhanna neamhshainithe a bhfuil tábhacht éiceolaíocht leo mar seachnaíodh na suíomhanna sin tríd an mbealach deiridh a roghnú go cúramach. Téann an t-ailíniú thar chúig shuíomh neamhshainithe ar eol go mbaineann tábhacht éiceolaíochta leo. Maolóidh na bearta a bhfuil cuntas orthu i **Rannán 8.7** thuas agus sa CEMP aon tionchar féideartha.

## 8.9 CONCLÚIDÍ

- 111 Is ann do roinnt sruthanna beaga / aibhneacha atá lonnaithe feadh an línebhealaigh a bheartaítear, ina measc tá craobh-aibhneacha na Níthe, an Chasáin, Abhainn an Droma Mhóir, Abhainn na hEoghancha, Abhainn Átha Féan agus Abhainn Chluain Tiobrad. Chomh maith leis sin, tá roinnt lochanna suite laistigh den limistéar staidéir.
- 112 D'fhéadfadh tionchar a bheith ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol uisce trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí thochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr.
- 113 Mar gheall ar nádúr fhorbairt na líne tarchuir, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha is mó a bhaineann leis an bhforbairt. Le linn na tógála, d'fhéadfadh an tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce bunúsach éirí as doirteadh breosla de thaisme.
- 114 Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir ina n-aithnítear go bhfuil tuilemhanna agus bruacha abhann iontu a sheachaint nuair is féidir.
- 115 Tá coinne le tionchar diomaibhseach ar an gcomhshaol uisce mar gheall ar chéim thógála na forbartha a bheartaítear.
- 116 Maidir le céim oibríoch na forbartha, meastar nach mbeidh ach tionchar diomaibhseach ar an gcomhshaol uisce áitiúil.